*(Supplementary Order Paper)*

**31**

# DÁIL ÉIREANN

*Dé Máirt*, 21 *Iúil*, 2020
*Tuesday*, 21st *July*, 2020

2 p.m.

**I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ**
**AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS**

*Fógraí Tairisceana: Notices of Motions*

***a*6.**"Beartaítear, d'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, nó d'ainneoin aon ní i Sceideal 2 a ghabhann leis na Buan-Orduithe—

(1) go dtoghfar Leas-Cheann Comhairle mar a fhoráiltear i mBuan Ordú 11 i Halla Éisteachta an Lárionaid Coinbhinsiúin, Baile Átha Cliath (LCBÁC) ar Ché an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, Déardaoin, an 23 Iúil 2020, agus

(2) go mbeidh feidhm ag na socruithe seo a leanas i gcás go mbeidh níos mó ná aon iarrthóir amháin ainmnithe go bailí:

(*a*) soláthrófar páipéir bhallóide do Chomhaltaí i suíomhanna timpeall an halla éisteachta a bheidh ainmnithe ag an gCléireach;

(*b*) tar éis óráidí ó iarrthóirí, ní bhuailfear na cloig de réir Bhuan-Ordú 6(9);

(*c*) ní fhéadfaidh Comhalta a pháipéar ballóide nó a páipéar ballóide a mharcáil ach amháin má bhíonn sé nó sí suite sa halla éisteachta;

(*d*) fógrófar go bhfuil an bhallóid críochnaithe ar 10.15 a.m.: Ach féadfaidh an Cléireach, dá rogha féin, an tréimhse a mbeidh an bhallóid ar oscailt ar a feadh a fhadú, agus, má dhéanann sé amhlaidh, féadfaidh sé fógra a thabhairt dá réir sin don Teach; agus

(*e*) i gcás go bhfógróidh an Cléireach go bhfuil an bhallóid críochnaithe

It is proposed, notwithstanding anything in Standing Orders, or in Schedule 2 to Standing Orders, that—

(1) the election of a Leas-Cheann Comhairle as provided for in Standing Order 11 shall take place in the auditorium of the Convention Centre Dublin (CCD) on North Wall Quay, Dublin 1, on Thursday 23rd July, 2020, and

(2) the following arrangements shall apply to that election, where there is more than one validly nominated candidate:

(*a*) ballot papers shall be provided to members at locations in the environs of the auditorium designated by the Clerk;

(*b*) following contributions by candidates, the bells shall not be rung in accordance with Standing Order 6(9);

(*c*) members may mark their ballot papers while seated in the auditorium only;

(*d*) the ballot shall be declared closed at 10.15 a.m.: Provided that the Clerk may, at his discretion, extend the time the ballot is open, and, if he does so, shall make an announcement accordingly to the House; and

(*e*) where the Clerk declares the ballot closed before 10.30 a.m., the sitting

roimh 10.30 a.m., cuirfear an suí ar fionraí go dtí 10.30 a.m.

shall be suspended until 10.30 a.m.”

—*Seán Mac Ambróis, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*